# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 7 Meitheamh 2023 – TC v an Pharlaimint**

**(Cás T-309/21)** [1]

***(Dlí institiúideach – Rialacha ar speansais agus liúntais na bhFeisirí – Liúntas cúnaimh pharlaimintigh – Aisghabháil suimeanna a íocadh go míchuí – Tréimhse réasúnta – Dualgas cruthúnais – Ceart éisteacht a fháil – Cosaint sonraí pearsanta – Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1725 – Airteagal 26 de na Rialacháin Foirne)***

(2023/C 261/41)

*Teanga an cháis: an Liotuánis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TC (ionadaí: D. Aukštuolytė, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: M. Ecker agus S. Toliušis, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí, ar dtús, cinneadh ó Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa an 16 Márta 2021 lena gcinntear éileamh in aghaidh TC ar shuim EUR 78 838,21 a íocadh go míchuí ar chostais chúnaimh pharlaimintigh agus ag ordú é a ghnóthú agus, anuas air sin, nóta dochair Uimh. 7010000523 an 31 Márta 2021, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá rialú a dhéanamh ar an gcaingean le haghaidh neamhniú, a mhéid a dhírítear í i gcoinne, ar dtús, chinneadh ó Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa an 16 Márta 2021 lena gcinntear éileamh in aghaidh TC ar shuim a íocadh go míchuí ar chostais chúnaimh pharlaimintigh agus ag ordú é a ghnóthú agus, anuas air sin, nóta dochair Uimh. 7010000523 an 31 Márta 2021, a mhéid a bhaineann siad le luach saothair, costais shóisialta agus costais taistil a bhaineann le fostaíocht A le linn na tréimhse ón 1 Aibreán go dtí an 22 Samhain 2016, is é sin EUR 28 083,67;

2) Cuirtear cinneadh thuasluaite ó Ardrúnaí na Parlaiminte an 16 Márta 2021 agus nóta dochair Uimh. 7010000523 an 31 Márta 2021 ar neamhní, a mhéid a ordaítear luach saothair, costais shóisialta agus costais taistil a bhaineann le fostaíocht A le linn na tréimhse ón 22 Bealtaine 2015 go dtí an 31 Márta 2016 a aisghabháil ó TC, is é sin EUR 50 754,54;

3) Ordaítear don Pharlaimint na costais a íoc.

[1] IO C 320, 9.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Meitheamh 2023 – Vallegre v EUIPO – Joseph Phelps Vineyards (PORTO INSÍGNIA)**

**(Cás T-33/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'PORTO INSÍGNIA' – Focalmharc níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'INSIGNIA' – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) anois))***

(2023/C 261/42)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vallegre, Vinhos do Porto, SA (Sabrosa, an Phortaingéil) (ionadaithe: E. Armero Lavia, G. Marín Raigal agus J. Oria Sousa-Montes, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez, M. Eberl agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Joseph Phelps Vineyards LLC (St. Helena, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: S. Reinhard, Dlíodóir)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 894/2021-5) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Vallegre, Vinhos do Porto, SA na costais a íoc.

(1) IO C 119, 14.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Meitheamh 2023 – DDR Kultur v EUIPO – Groupe Canal+ (THE PLANET)**

**(Cás T-47/22)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'THE PLANET' – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'PLANÈTE +' – Cúis choibhneasta le diúltú – Gan baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 261/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir::* DDR Kultur UG (haftungsbeschränkt) (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: I. Yeboah, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Bosse agus D. Gája, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Groupe Canal+ (Issy-les-Moulineaux, an Fhrainc) (ionadaithe: M. Georges-Picot agus C. Cuny, Dlíodóirí)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go neamhneofaí an Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 25 Samhain 2021 (Cás R 2385/2020-2).

## An chuid oibríochtúil

(1) Neamhnítear an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 25 Samhain 2021 (Cás R 2385/2020-2).

(2) Ordaítear do EUIPO, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag DDR Kultur UG (haftungsbeschränkt) sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

(3) Ordaítear do Groupe Canal+ a chostais féin a íoc.

(1) IO C 128, 21.3.2022.